Turas Ghairdíní

Laoise

IRELAND'S ANCIENT EAST™
Wander Through Time

laois
so different, so near

Túsfhocal

le Dermot O'Neill: Craoltóir, Scríbhneoir, Léachtóir, Saineolaí na Garraíodóireacht

Dermot O' Neill

In éis dom teach bheag a cheannacht agus gairdín fhálíoch a fhorbairt i measc na cnoic ag bun na Sléibhte Bladhma, Contae Laoise, tá mo chroí istigh ins an gceanntar seo. Bhí an deis agam réimse fhada fairsinge de phlandaí ó thorthaí agus glasraí go crainn agus tomanna a fhás anseo agus thar rud ar bith eile, dúl mo chroí - rósanna. Tá brí sainúil, speisialta ag baint leis an áit seo, rud a thugann cumas draoíchtúil dó chun gairdín a dhéanamh anseo. Tugann an turas úr seo deis iontach do dhuine chun cuid den na gairdíní is áille sa tír, idir cinn poiblí agus príobháideacha, a fheiceáil. Ní chaithfear a bheith i do shaineolaí chun sult a bhaint as an áilleacht a bhaineann leis na háiteachaí seo.

Ins an turas seo, tá gairdíní phoiblí mór le rá ann cosúil le Cúirt Íoma agus Heywood, ach chomh maith leis sin, tá go leor gairdíní le stíl uathúil dá gcuid féin acu ann, a léiríonn go soiléir pearsantacht a gcuid úinéirí. Is é sampla maith de sin ná Scoil Tuaithe Dhúin Mhóir, atá i seilbh Tanguy de Toulgoët, gairneoiraí Francach den céad scoth. Ansin, feictear cisteanach oibreach den stíl Francach. Is ea gairdín eile a thaispeáineann pearsantacht an úinéir ná Gairdíní Ghaise (Gash Gardens), atá i seilbh Mary Keenan agus Ross Doyle. Tosaíodh na gairdíní seo thart ar 25 bliain ó shoin, agus thar an tréimhse sin d'éirigh siad ina leithéid de bhflaitheas don garraíodóir, lán de phlandaí suimiúla atá fásta agus leagtha ar mhódh álainn. Is é an dearthóir gairdíne iomráiteach Arthur Shackleton a rinne Gairdín Fruitlawn, gairdín fálaithe d'achar 1 acra. Tá meascáin galánta de phlandaí álainne le feiceáil ann. Tá leagan fhormálta ag an ngairdín agus tá sé curtha le stíl ealaíonta. Baineann Arthur le oidhreacht cáiliúl garraíodóireachta in Éirinn, rud éigin a thosaigh len a athair David ag Beech Park.

Níl ansin ach roinnt samplaí de na gairdíní iontacha a bheidh le feiceáil duit ar an tsiúlóid seo. Déan inniúchadh ar an leabhrán seo agus glac d'am ag fáil aithne air agus ag baint inspioráid as na gairdíní seo, idir na gcinn poiblí agus príobháideacha.

—Dermot O'Neill

Réamhrá

Mealann na gairdíní i gContae Laoise garraíodóirí nuíosach agus cleachtach ó gach cearn den domhan.



Tugann an leabhrán seo cuireadh duit chun a gabháil ag taiscéalaíocht thimpeall Gairdíní Chontae Laoise. Tá Contae Laoise suite i gcroílár de chuid de na tírdreachanna is áille sa tír, in a bhfuil lorg na staire le feiceáil ar fhothracha ráthanna Ceilteacha, fothracha mheánaoiseacha agus cealla mhainistreacha. Tá Contae Laoise sáite in oidhreacht agus béaloideas le go leor foirgintí agus gairdíní stairiúla ann mar chomhartha de seo.

Tá 10 gairdíní ar fad ann i Siúlóid Ghairdíne Laoise, in a measc siúd na gairdíní móra ársa mar Cúirt Íoma agus Heywood chomh maith le gairdíní beaga a spreagfas do chuid cruthaíocht agus samhlaíocht. Tagann garraíodóirí de bheag is de mór taithí go dtí Contae Laoise chun dearcadh ar na gairdíní seo.

Tá Contae Laoise lonnaithe i gcroílár na hÉireann agus tugann a shuíomh lárnach seo deis don turasóir chun a ghabháil ar chuairt go dtí na chontaetha mórthimpeall uirthi; Ceatharlach, Cill Dara, Cill Chainnigh, Uíbh Fháillí agus Tiobraid Árainn — go léir chuid den Oirthear Ársa na hÉireann. Is ea Baile Phort Laoise an phríomhbhaile ins an gcontae agus tá infrastruchtúr den chéad scoth ó thaobh bóithre, seirbhísí bus agus traein dhe ann agus tá sé furasta go leor chun imeacht uaidh seo go dtí beagnach gach uile bhaile agus cathair eile sa tír. Tá Contae Laoise suite tuaraim is 1 uair a chloig ó Bhaile Átha Cliath, 45 nóiméaid ó Chill Cainnigh, 45 nóiméaid ó Charraig Phádraig agus 1 uair go leith ó chaladhphort Ros Láir.



Na Gairdíní ag Baile an Tiobraid

Is é seo gairdín ealaíonta agus ceardaíochta galánta a dtugann taithí simplíoch agus casta don gcuairteoir. Le atmaisféar a bhíos suaimhneach ach ag an am céanna dúshlánach, téann an spás de 14 acra seo i bhfeidhm ar do chuid aireachtáiltacht agus samhlaíocht.

An Gairdín Luytens

An Gairdín Bán

Canáil agus teach

Karnak

Baile an Tiobraid, An tSráidbhaile, Contae Laoise
(041) 9884771
www.ballintubbert.com

Dátaí Oscailte: Aibreáin - Meán Fómhair

Uaireannta Oscailte: Ar áirithint amháin

Áiseanna: Leithris. Tá an ngairdín feiliúnach le haghaidh busanna, ach níl rochtann do daoine le cathaoir rotha ann.

Páistí: tá fáilte roimh páistí ach caithfidh siad a bheith faoi aire an t-am uilig mar gheall ar an taispeántas uisce atá ann.

Madraí: ní cheadaítear madraí

Plandaí Neamhghnáthacha: Cuirtear béim ar phlandaí dúchasacha agus buanfásacha

Uimhreacha GPS: 52.983469, -7.085066

Tosaíodh an gairdín in a leagan seo sa bhliain 1999. Clúdaíonn sé achar de 14 acra agus é fós dhá fhorbairt, le 42 'seomraí', 20 díobh sin atá críochnaithe go dtí seo. In a measc siúd tá An nGairdín Rúnda Victeoiriach, An nGairdín Geall, An Úllord Bheag agus An Phlásóg na nAmharclann. Agus é ag triail a bhealach fhéin trí na seomraí, bíonn sé ar an gcuairteoir cinneadh a dhéanamh chun a gabháil ar aghaidh nó chun a philleadh siar chun ceann de na seomraí a ndeachaidh sé thairis i dtosach a fheicieáil. Déanann sé atmaisféar teannasach lastigh den timpeallacht suaimhneach seo - rud a chuireann le castacht agus malartacht den gairdín mealltach seo.

Potager

Mionsonraí ón dealbh 'Na Trí Ríthe'

An canáil ón dteach

Bíonn na huinéirí ag Baile an Tiobraid ag cloí le cur chuige 'Robinsonian', iad ag cur béim ar phlandaí dúchasacha, búnfásacha. Tá an tionchar seo thar a bheith feiceáileach ins an 'Seomra Robinson', in a mbíonn plandaí dúchasacha i gcomhshaol le plandaí níos annamha cosúil le caineann Babbington, oiniúin Bhoirne, gingko agus réimse leathan de hemerocallis Eórapacha. Anseo, cuireann cuairteoirí iontas ins an dealbh 'Green Man', a bhí bearrtha as crann chastáin Spáinneach. Níos faide ar aghaidh, ní mhór don gcuairteoir a bheith faireach agus é ag triail aníos an tsraith céimeanna chun a amharc amach tríd An Fhuinneog Ubhchruthach chun radharc neamghnáthach den tí a fháil, An tSiúlóid Aoil agus An Canáil, atá 100 méadúir ar fhad agus 13 méadúir ar leithead. Téann treo na Canála isteach thríd an tí, na Gairdíní Luytens (atá bunaithe ar an ndearadh bunúsacha do na Gairdíní Luytens ag Heywood) agus thríd Siúlóidí Iúir Gaelacha. Tá an ngairdín ag ionsaí scoillte i dhá leath ag an dtreo seo. Déantar in a h-iomlán aríst é ag an tSiúlóid Mhachnaimh, a théann le 2.5 km thimpeall teorann an ngairdín.

TREORACHA

Ón tSráidbhaile: glac bóthar Cheatharlaigh/ N80 ó dheas, gabh suas an chnoc agus thríd bearna na sléibhe. Agus an mbóthar ag dul anuas, bí ag faire amach le haghaidh comhartha ar do lámh a chlé. 4.6 km ón tSráidbhaile.

Ó Bhaile Átha Í: glac bóthar Cheatharlaigh ó dheas, ag dul 5.2 km amachthríd sráidbhaile Baile Uí Laigheanáin. In dhiadh Bhaile Uí Laigheanáin bí ag faire amach le haghaidh comhartha. Ag an gcomhartha, cas ar dheis i dtreo an tSráidbhaile. I ndiaidh 4.5 km bí ag faire amach le haghaidh comhartha ar do lámh a dheis. Cas ar dheis anseo agus lean ort 1.2 km go dtí ár gcarrclós.

Caisleáin Dharú

Gairdíní dhiméineacha le árdáin fhoirmeálta, teorannacha luibhe, agus garraí ghlasraí agus bláthanna le plandaí bhliantúil measctha atá ann.

Caisleáin Dharú

Gairdíní Chaisleáin Dharú

Garraí Cistine faoi bhallaí

Gairdíní Chaisleáin Dharú

Úinéir: Peter agus Shelly Stokes

Darú, Contae Laoise
+353 (0) 57-8736555
info@castledurrow.com
www.castledurrow.com

Táillí Iontrála: Saor in aisce. Turais treortha ar fáil ar thuairisc ach caithfear iad a chur in áirithint roimh-ré.

Dátaí Oscailte: Ar feadh an bhliain

Uaireannta Oscailte: Uaireannta gealla

Áiseanna: Leithris, beár agus bialann

Sóláistí: Sóláistí ar fáil in ár mbeár agus ár seomra suaimhneas.

Tosaíodh oibriúcháin athchóiriú ar an teach agus ar na gairdíní ins an bhliain 1999. Tógadh árdáin theas-dearcacha ann agus cuireadh iad le plandaí bándearg, gorm agus geall bhláthach. Rinneadh ascaill ag bun na céimeanna lán de rósanna, in a measc siúd: The Mayflower, Brother Cadfael, Gertrude Jekyll, Rambling Rector, New Dawn, Mary Rose, agus Grace.

Tarraingtear iúl an gcuairteoir i dtreo na silíní bándearga atá ag an taobh eile den bplásóg. Tugtar 'An Taobh ó Dheas Maith' ar an áit seo. Len a chois tá an nGairdín Phléisiúrtha, in a bhfuil crann mór cluiche mhoncaí, buxus sumperivirens ollmhór agus feá rua de imlíne 7 méadair! Téann na gcosáin i dtreo an suntasáin, air a bhfuil comhartha-aimsire le lánúin pósta air ag a bharr.

Téann céimeanna chun na cúirte, go bhfuil crut dronuilleogach air. Feidhmíonn an tomdealbh Buxus mar struchtúr i gcaitheamh an ngeimhridh, agus cuireann rósanna boladh mhilis ar fáil i gcaitheamh an tsamhraidh. I measc na rósanna siúd tá: Gertrude Jekyll, Jubilee Celebration, Winchester Cathedral, The Generous Gardener, Alnwick Castle, John Clare, Wildeve, Comte De Chambord agus an rós neamhdealgach Zepherine Drouhi. Uaidh seo, tig leis an gcuairteoir a bhreathnú anuas ar na Gairdíní Fálíocha, atá roinnte suas idir go leor 'seomraí' éagsúla. Tá Garraí Luibhe agus Garraí Ghlasraí ann, atá lán de táirgíochta de rogha an phríomh-chócaire. Baintear leas as gnéithe na garranta seo i dtáirgíocht suibh, milseoga agus sú. Cuireann an Teorann Bláthanna réimse leathan bláthanna ar fáil don óstán - lilí chomh maith le réimse rósanna mar Queen of Sweden, The Fairy, Little White Pet, Rosa Mundi, Mrs John Laing, New Dawn, Adelaide De Orleans, Madame Affred Carerra, Penelope agus Ann Boylen.

Téann siúlóid na habhainne in aice le Abhainn Uircín, agus tá sé mar chuid de Shiúlóid Lúbtha Dhuileogach Laoise. Le hais seo, bíonn cloigíní gorma agus gairleog fhiáin ag fás faoi na gcrainn, iad curtha le linn an Ré Victeoriach. Tagann an siúlóid chun críche ag reilig Eaglais na hÉireann, áit a bhfuil na bunúinéirí an gcaisleáin, Clann Ashbrook, curtha.

Gaiséabó

Clós

Páistí: tá fáilte roimh páistí ach caithfidh siad a bheith faoi aire an t-am uilig.

Madraí: Ceadaítear madraí ar rópa

Plandaí Neamhghnáthacha: *Quercus ilex,* Korean oak, David Austin English roses

Uimhreacha GPS: 52.845917, -7.401266

TREORACHA

Ó Bhaile Átha Cliath, glac an M8 i dtreo Chorcaí. Fág an mhótorbhealach ag Port Laoise, ag glacadh an iar-N8 go dtí Darú. I nDarú, tá bealach isteach go dtí Caisleáin Darú lonnaithe ag Faiche na Sráidbhaile.

Ó Chorcaigh, glac an M8 i dtreo Baile Átha Cliath. Fág an mhótorbhealach ag Áth na nUrlainn, ag glacadh an iar-N8 go dtí Darú. I nDarú, tá bealach isteach go dtí Caisleáin Darú lonnaithe ag Faiche na Sráidbhaile.

Gairdín Chluain na Slí

Acra amháin de gairdíní mealltacha, tuaithe tógtha mórthimpeall ar shean fheirm.

Faoi chrann Piorraí Shilte

Rós dreapach 'Kiftsgate'

An Teorainn Fada

Stipa gigantia

Úinéir: Nancy Costelloe

Gráig na Phollaigh, Cluain na Slí, Contae Laoise
+353 (0) 57-8648038
annecostelloe@eircom.net

Táillí Iontrála: €5 ar dhuine le tae/caifé san áireamh

Dátaí Oscailte: Márta - Meán Fómhair

Uaireannta Oscailte: Ar áirithint amháin

Áiseanna: Leithris. Leath-rochtannach do cathaoireacha rotha. Níl cuide de na bealaí isteach feiliúnach do busanna móra; téigh i dteagmháil leis an úinéir faoi dhéin tuilleadh eolais.

Sóláistí: Tae nó Caifé san áireamh.

Páistí: tá fáilte roimh páistí ach caithfidh siad a bheith faoi aire an t-am uilig.

Madraí: Ceadaítear madraí ar rópa

Cuireadh ar bun an díseart bhláthanna i measc tearmann talmhaíochta Chontae Laoise 15 ó shoin. I sean clós an bhfeirm, tá clog na gréine ann is é teorannta ag fálú bhoscach agus bláthanna. Téann rós go fánach in airde ar bhalla binne de shean fhoirgneamh cloiche ar an bhfeirm. I ngar don teach, tá láthair shuíocháin ann atá faoi scáth phergóla atá clúdaithe i visteária. Is féidir leis an gcuairteoir áilleacht na garránta cloiche, an leaba árdaithe labhandair, na h-iúir dírithe agus an fheá rua cromtha

Clós

An Stumpery

Cornus kousa satomi

Tugann siúlóid treasna cosán beag cloiche thú chuig tasipeántas uisce, atá déanta ar riocht le cuma tobar fhíoruisce a thabhairt air. Tugann teach gloine beag ar an seandéanamh, ina bhfuil pónraí agus trátaí ann, faoiseamh do cleimeatas. Tá radharc álainn lilí bándearga agus rósanna cumhra bándearga a gcuireann le éifeacht cornus kousa bándearg. I ndiaidh dóibh a gabháil thairis an los mór agus Solomon's Seal, tiocfaidh na cuairteoirí chuig siúlóid fheádh. Ag a dheireadh tá píosa de dair phortaigh ann atá clúdaithe faoi cleimeatas. Tugann sé seo thú chuig plásóg dronuilleogach, áit atá sách mín chun cróicé a n-imirt air. Tá sé dúnta ar gach aon taobh le fálíocha luibhe, atá lán de poipíní, astrantias, lilí, delphinium, aquilegia, crocosmia, astilbe agus nepeta 'Six Hills Giant'. Thar an *Sambucas nigra* ('lása dubh') tá an ngarraí glasraí ann,in a bhfuil na seacht mhíle ní le fáil annchomh maith leis an mbiatas dearg mealltach. Os comhair é seo tá an ngarraí sméara ann, in a mbíonn cuiríní dubha, súanna craobha, spíonáin agus fraocháin gorma dhá bhfhás.

Plandaí Neamhghnáthacha: *Sambucas nigra* (lása dubh), *cornus kousa satomi,* agus feá rua cromtha.

Gradaim: Ghnóthaigh an nGairdín is Fearr i gContae Laoise faoi trí i ngradaim Gairdín VIKING.

Uimhreacha GPS: 53.163137, -7.497869

TREORACHA

Ó Móinteach Mílic/Port Laoise: Lean ar aghaidh ar an R422, in éis Ros an Fhionnghlaise gabh thríd na crossbóithre, agus ansin glac an gcéad casadh ar dheis. Lean ar aghaidh ar feadh 1.8 km, ag dul thar teachín bheag a dtugtar 'Rose Cottage' air ar do lámh a chlé agus ag tiontú ar dheis aige seo. Tamallín bheag in a dhiaidh seo beidh gairdín Cluain na Slí ar do chit.

Ó Chluain na Slí: Lean ar aghaidh i dtreo Ros an Fhionnghlaise ar an R422. Cas ar chlé 0.5 km i ndiaidh an comhartha luais ar imeall an tsráidbhaile. Lean ar aghaidh ar feadh 1.8 km ag gabháil thar teachín bheag cloiche den ainm'Rose Cottage'. Tamallín bheag in a dhiaidh seo beidh gairdín Cluain na Slí ar do chit.

Gairdíní Chluain Eochaille

Is iad saothar iontach an ealaíontóir bhláthach Enda Thompson-Phelan Gairdíní Chluain Eochaille, le neart plandaí suimiúila, neamhghnáthacha ann ar shuíomh aon acra ag dul mórthimpeall ar Theach Cluain Eochaille.

Tugann carex evergold codarsnacht láidir leis an Berginia cardifolia

Deilfiniamaí

Fearbáin ar thaobh an loch

Lachain terracotta sa Ghairdín fálíoch

Úinéir: Enda Thompson-Phelan

Ionad slatiascaireachta Laoise
+353 (0) 87-9962864
clonohillgardens@gmail.com
www.laoisanglingcentre.ie

Táillí Iontrála: €6 ar dhuine

Dátaí Oscailte: Bealtaine - Meán Fómhair

Uaireannta Oscailte: Ar áirithint amháin

Áiseanna: Ionad páirceála le haghaidh busanna, sóláistí agus leithiris. Tá na gairdíní eath-rochtannach do cathaoir rotha. Tá an ionad sóláistí agus na leithris rochtannach ar fad do cathaoir rotha.

Sóláistí: Le fáil

Páistí: tá fáilte roimh páistí ach caithfidh siad a bheith faoi aire an t-am uilig.

Madraí: Ní cheadaítear madraí

Plandaí Neamhghnáthacha: *Beesia calthifolia, Jeffersonia diphylla, Diplarrhena moraea, Triostemon pinnatifidum,*

Tá na gairdíní deartha ar bhun chun a chur leis an tírdreach réamh-sheasta, le go leor sean-chrainn ag tabhairt foscadh do féiríní coillearnacha.

Tosaíonn an lúb-siúlóid ag an t-achar coillearnach, áit in a bhuil Trillium, Helleborus agus Gaslanthus beo beathamhach ann. Uaidh sin, téann an siúlóid i dtreo Siúlóid Iacóib, a gcuireann ionadh ildathach ar fáil don gcuairteoir len a chosán fánach gairbhéalach atá druidte le na stáblaí gaineamhchlocha a bhí tógtha ag athair mór Enda, Jacob Thompson. Fásann leithéidí de *Polemonium* (Dréimire Iacóib) go beathamhach ins an áit seo, in éineacht le grúpaí de *Achillae* King Alfred agus an *Ligularia* 'Café Noir' beag. Ag maireachtáil go suaimhneach le hais an chosáin ghraibhéil tá Hostas baoideach ann. Tugann réimse de Huderas dathanna duille agus codarsnacht maith do na Sedums, Veronicas agus Candleabra primulus. Cuirtear suntas ins na gcinn síorghlasa, *Ilex Crenata* agus *Diplarena Moraea,* atá curtha go fánach, i gcaitheamh an ngeimhridh.

Tugann áirse foscadh do bealach isteach an gairdín thuaidh, áit a gcastar *Cytisus battandieri* mealltach ort. Tugann na gcrainn aibí ins an áit seo baile maisithe don bhailliúchán spéisiúil raithnigh agus leanann sé ar aghaidh go dtí plásóg, fairsinge oscailte le go leor cosáin casta agus teorannacha luibheacha. Is ea áit rúnda agus go coitianta le na páistí ná 'Scailp an Iorra Ruaidh' len chuid Spruiseanna ollmhóra.

Tá an gairdín fálíoch foscaithe mar flaitheas don bhaillitheoir bhlátha agus é ag coinneáil *Ramonda myconi, Roscoea* agus *Celmissias* go beathamhach i gcomhluadar na bláthanna spleodracha mar *Paeonia mlokosewitschii, Mecanopsis grandis* agus *Cardiocrinum giganteum.* Léiríonn Gairdíní Cluain Eochaill go soiléir cúram ealaíonta a h-úinéir agus fáigheann sé neart moladh ó na cuairteoirí a théann ann.

Ó chlé go deas: Deanann *Thuja plicata* céad bliain d'aois fráma don bealach isteach go dtí an ghairdín fálíoch; Ligeann dealbhín a scíth go compordach le ábhar plandála; Radharc tríd áirse do Siúlóid Jacob; Baineann Diplarrhena moraea sult as spota ghrianmhar taobh le Siúlóid Jacob

Ramonda myconi, Cicerbita lactuca bourgeii, Aristolchia macrophylla, Peltoboykinia watanabei.

Uimhreacha GPS: 52.984444, -7.624722

TREORACHA

Ó Bhaile Átha Cliath M7: Fág ar bhealach amach 18 i dtreo Mhaigheann Rátha (R445) agus lean ar aghaidh thríd an bhaile i dtreo Luimnigh. Téigh aon mhíle amach as Maigheann Rátha agus glac an gcéad casadh ar dheis i dtreo Cúl Ráithne. Lean ar aghaidh glan díreach ar feadh tuaraim is 4 mhílte go dtí go dtagann tú chuig crosbóithre le stopcomhartha agus comhartha le haghaidh Ionad Slatiascaireachta Chontae Laoise. Lean ar aghaidh go díreach thríd na crosbóithre agus ag an alt-T, téigh ar chlé i dtreo an iIOnad Slatiascaireachta Chonatae Laoise. Beidh an bhealach isteach ann 100 méadair uaidh seo.

Ó Luimneach M7: Fág ar bhealach amach 22 agus lean ar aghaidh i dtreo Ros Cré. Ag an timpeallán, tóg an ceithre (an ceann deireannach) bealach amach atá comharthaithe do Bhaile Átha Cliath. Lean ar aghaidh ar feadh tuairim is 3 mhílte agus glac an dara casadh ar chlé i ndiaidh Club Gailf Ros Cré, comharaithe An Bhealach Mór agus Ionad Slatiascaireachta Chontae Laoise. Tá an bhealach isteach comharaithe 3 mhílte i bhfad ón Bhealach Mór. Tá Gáidríní Chluain Eochaill lonnaithe in aice le Ionad Slatiascaireachta Chontae Laoise.

Scoil Tuaith an Dhúin Móir

Garraí-chisteanach oibreach/oilliúna atá forbratha ar bhun 'potager' Francach.

Piobar Glas

Borage

Piorraí Conference

Úinéir: Tanguy de Toulgoët

Bóthar na nEala, Darú, Co. Laoise
+353 (0) 87-1258002 / +353 (0) 57-8736578
tanguy@dunmorecountryschool.ie
www.dunmorecountryschool.ie

Táillí Iontrála: €5 ar dhuine. Grúpaí idir 10 - 20 amháin.

Dátaí Oscailte: Márta - Samhain

Uaireannta Oscailte: Ar áirithint amháin

Áiseanna: Tada. Níl sé rochtannach do cathaoir rotha. Gléas garraíodóireachta le díol.

Sóláistí: Le fáil ar iarratais do grúpaí.

Páistí: tá fáilte roimh páistí ach caithfidh siad a bheith faoi aire an t-am uilig.

Madraí: Ceadaítear madraí ar rópa

Cé gur nár bhunaíodh an scoil seo ach i 2005, fós fhéin, rinneadh trácht air san Irish *Farmer's Journal, Irish Times, Irish Independent* chomh maith leis an leabhar le Jane Power *'The Living Garden'*. Rinneadh tagairt dhó ar na cláracha *Nationwide* agus *Dermot's Secret Garden* ar RTÉ. Clúdaíonn sé thimpeall is 1 acra. Ní gairdín taispeántais é seo, ach is gairdín 'oibreach' é, le béim mór dhá chur ar theagasc. In athfhriotal Tanguy 'ní gairdín seó é seo ach gairdín faoi oibre'.

Gage dearg

Biatas bán Eilbhéiseach

Scoil Tuaith an Dhún Mhór

Leanann Tanguy treorlínte thraidisiúnta garraíodóireachta agus creideann sé in fhealsúnacht bhithéagsúlachta.

Coinníonn Tanguy beacha ag Scoil Tuaithe an Dhúin Móir. Dá bhrí sin, tá neart bláthanna chun na beacha a chothú, mar shampla *nepeta* 'Six Hills Giant'. Fástar glas-aoiligh mar phacelia, rúáin, mustard agus seamrú. Fástar luibheanna chomh maith mar shampla; absinthe, angelica, réimse leathan de miontas agus íceach. Baintear leas as cuid acu sin i leigheas luibheacha.

Tá fliúrseacht de torthaí agus glasraí ins an ngarraí seo. Fástá raon leathan de glasraí anseo mar phuimpcín Seapáineach, cóirséad, óca, agus ruacháin chomh maith le go leor rudaí neamhghnáthach mar mheacna corcra agus fataí chorcra. Fásadh 48 leithéidí éagsúla de thrátaí i 2011 le cupla ceann Mheicsiceach in a measc siúd. Tá réimse sméara éagsúla le fáil ins an ngarraí: sméara táí, spíonáin, sméara dubha, cuiríní dubha, chomh maith leis an gceann neamhgháthach, an gcuirín dubh-bán. I measc na rudaí spéisiúla tá crann mheadlar, crann chrainche torthach, agus tom torthach, atá curtha ag claon de 45 céim. Baintear úsáid as gach rud siar sa ngarraí. Sábhálann Tanguy go leor síolta.

Plandaí Neamhghnáthacha: Sorrel *Rumex Montanus,* cuirín dubh-bán

Uimhreacha GPS: 52.858179, -7.401268

TREORACHA

Ó Dharú, coinnigh ort i dtreo Ros Cré ar feadh 1 kmagus glac an gcéad casadh ar dheis ar L1652 agu tiontaigh go díreach ar chlé. Is é an bhealach isteach an gcéad ceann ar do lámh a dheis, an gcéad ceann teach taobh thiar de na crainn.

Cúirt Íoma

100 acra de thailte pháirce le plásógí fhormálta crainn aibí, agus loch naíonrach uilig suite ós comhair an fhoirgneamh mórtasach as an 18ú.

Loch ag Cúirt Íoma

An tSiúlóid Iúir

Cúirt Íoma ón Ascal Wellingtonia

Crann Gallchnó

Úinéir: Oifig na nOIbreacha Phoiblí

Íoma, Port Laoise, Contae Laoise
+353 (0) 57-8626573 / +353 (0) 86-8107916
emocourt@opw.ie
www.opw.ie

Táillí Iontrála: Iontráil saor in aisce go dtí na gairdíní ach caithfear áirithint a dhéanamh roimh-ré le haghaidh turais ar na gairdírní.

Dátaí Oscailte: Bliain ar fad do na gairdíní (uaireannta gealla). Bíonn an teach ar oscailt An Chásc - Meán Fómhair.

Uaireannta Oscailte: An nGairdín (uaireannta gealla) An teach (turais treortha le fáil, 10 r.n. - 6 i.n., Cásc - Meán Fómhair)

Áiseanna: Inrochtannach do cathaoir rotha agus leithreas do daoine míchumasacha.

Dhear James Gandon Cúirt Íoma sa bhliain 1790. Tugadh anall an eastát chun na Stáitse i 1995 ag an Coirnéal C. D. Cholmeley Harrison, nach maireann. Tá 250 acra den eastát faoi bhainistiú Oifig na Oibreacha Phoiblí (100 acra de thalamh pháirce agus loch naíonrach).

Dealbh de tíogar ag Cúirt Íoma

Ceann de na dealbh 'Four Seasons'

Polyhymnia timpeallaithe ag miontas cait

Síneann Ascaill Wellingtonia amach ar feadh 1 mhíle ós comhair an tí. Ainmníodh é i ndiaidh na *Sequoiadendron giganteum,* a dhúnann isteach é. Téann an tsiúlóid fheádh atá taobh thiar den teach síos go dtí an loch naíonrach, a chlúdaíonn 25 acra. Níos gaire don teach tá plásógí fhormálta ann le roinnt dealbhanna. Seasann dealbhanna na ceithre séasúir don tEarrach, an tSamhradh, an Fhómhar agus an nGeimhreadh. Suíonn an dealbh cré umha de Polyhymnia anseo, é fáiscthe le miontas chait *(nepeta).* Tá an Fhoghlaeir agus a Chú le fáil in áit darbh ainm 'The Clucker'. Seasann Bacchus ins an fhíonlann fhad is a bhfuil Ceres ag fuireacht ar chuairteoirí ag deireadh an tsiúlóid iúir.

Taobh thiar an tí, clúdaíonn an chranlann thimpeall is 20 acra. Anseo, téann na gcosáin féire le fánaí thríd éagsúlacht, spreagúlach de chrainn mar shampla Péine Bhútáin, Crainn Tiúilip *(Liriodendron Tulipefera),* an gCrann Chiarsúir *(Davidia Involucrata)* agus céadar, in a measc Céadar Atlás Goirm agus Céadar Liobanáin. Tá crann gallchnó ann mar fhoinse maith bhídh do na iorraí ruaidhe a mhaireann ins an áit. Mar a chéile atá an gcrann chastáin Spáinneach, ar a bhfuil cnónna in-ite le fáil. Tá uigeacht iontach ag an gcrann seo. Is é ábhar spéise eile ná ascaill na gcrann teile. Tá sé níos sine ná Cúirt Íoma agus seasann sé mar chomhartha den fhoirgneamh bunúsach, Cúirt Dawson.

Sólaistí: Seomraí tae ar an láthair

Páistí: Tá fáilte roimh páistí ach caithfidh siad a bheith faoi aire an t-am uilig.

Madraí: Ceadaítear madraí ar rópa

Plandaí Neamhghnáthacha: Dair Síorghlas *Quercus Ilex* agus crann chastáin Spáinneach ollmhór *Castanea Sativa.*

Uimhreacha GPS: 53.10782, -7.19854

TREORACHA

Ón mhótorbhealach M7, fág ar an bhealach amach 15 i dtreo Íoma/Cúil an tSúdaire. Lean ar na chomhartha i dtreo sráidbhaile Íoma. I sráidbhaile Íoma, cas ar dheis ag na comharthaí le haghaidh Cúirt Íoma.

OPW
The Office of Public Works
Oifig na nOibreacha Poiblí

Gairdíní Fruitlawn

Gairdín fálíoch de mhéid thart ar 1 acra, le teorannacha síorghlaise in a bhfuil éagsúlacht de phlandaí neamhghnáthach, tolláin chrainn sleamhain, úllord, garraí torthaí agus glasraí, roschoill darach, tomanna iúire, rósanna dreapacha álainne agus go leor leor crainn agus tomanna eile deasa.

Campanulas, Artemisia agus Phloxes

Gairdíní Fruitlawn

Gairdíní Fruitlawn

Gairdíní Fruitlawn

Úinéir: Arthur Shackleton & Carol Booth

Fruitlawn, Mainistir Laoise, Contae Laoise
+353 (0) 57-8730146
shackletonarthur@yahoo.ie
www.arthurshackleton.com

Táillí Iontrála: €5 ar dhuine gan treoraí. €7 le haghaidh turais treoraithe do grúpaí. Níl lacáiste le haghaidh grúpaí ann. Turais treoraithe do grúpaí amháin.

Dátaí Oscailte: Bealtain - Deireadh Fómhair

Uaireannta Oscailte: Ar áirithint amháin.

Áiseanna: Díolacháin phlandaí. Gairdín inrochtannach do cathaoir rotha. Níl aon leithris ann.

Sólaistí: Ní ar an láthair. Ach tá go leor caiféanna agus bialanna éagsúla i ngar dhuit i Mainistir Laoise.

Rinne Arthur Shackleton Gairdín Fruitlawn thimpeall is 15 bliain ó shin. Clúdaíonn sé achar de tuairim is acra taobh istigh de chúlra fálíoch. Tá leagan amach fhormálta ag an ngairdín le cosáin, tomanna agus tolláin chrainn sleamhain ag scoilt suas é in a lár.

I measc na spásanna éagsúla ins an ngairdín tá teorannacha móra shíorghlasa ann, in a mbíonn uigeacht agus dathanna malartacha i rith an tsamhraidh. Tá roschoill darach ann in éineacht le seo, agus é fo-curtha le go leor bolgáin earraigh, garraí torthaí agus ghlasraí, in a bhfuil go fiú níos mó plandaí neamhghnáthacha cosúil le cál mara, lus súch, fataí gorma agus sméara fhíona. Tá úllord bheag suite i measc cluain fhiabhláthanna. Críochnaíonn linn bheag fhormálta, spás fóilíochta teorannta le tomanna iúire agus bláthanna álainne bhalla an bpictúir seo.

Tá go leor leithéidí annamha agus speisialta de phlandaí tiomsaithe le chéile thar na blianta anseo, ó cuid de na gairdíní is áille ins an tír. Tá go leor acu sin le díol ins an ngairdín.

Taobh istigh den leagan amach fhormálta, tá na chéadta de phlandaí síorghlasa dhá so-síoladh ann, ag tabhairt brí réidhchúiseach agus neamh-fhormálta don gairdín. Ina measc siúd tá: Agapanthus, Aquilegas, Campanulas, Geraniums, Oenotheras agus Eryngiums.

Gairdíní Fruitlawn

Doire

Páistí: Tá fáilte roimh páistí ach caithfidh siad a bheith faoi aire an t-am uilig.

Madraí: Ní cheadaítear madraí.

Plandaí Neamhghnáthacha: *Hosta krossa regal, aristolochia macrophylla,* cainche torthach.

Uimhreacha GPS: 52.906264, -7.401052

TREORACHA

Gabh ar an mbóthar Bhaile Cholla/Ráth Domhnaigh as Mainistir Laoise, i ndiaidh tuairim is 4 kmcas ar dheis i dtreo Seanchua ar an L1653. Lean ar aghaidh tuairim is 0.75 km, téigh thar an teach mhór bán ar do lámh a dheis, beidh Fruitlawn an gcéad bealach isteach eile ann idir dhá fhoirgnimh móra cloiche.

Gairdíní Ghaise

Taisce rúnda de go leor rudaí spéisiúila agus plandaí annamha lonnaithe i suíomh mealltach agus suaimhneach.

Uisce - eilimint nascadh tríd an ghairdín

Úsáid feiceálach do uigeacht

Beacán Bearaigh

Meascann gnéithe gairdín go socair sásta le plandáil mhéith

Úinéir: Mary Keenan & Ross Doyle

Gais, Baile an Chaisleáin, Port Laoise, Co. Laoise
+353 (0) 87-2728337 / +353 (0) 57-8732247
gashgardens@eircom.net
www.gashgardens.ie

Táillí Iontrála: €5 ar dhuine gan treoraí. Turais treortha do grúpaí d'ós cionn deichniúr amháin agus caithfear é a chur in áirithint roimh-ré.

Dátaí Oscailte: 1ú Bealtaine - 30ú Deireadh Fómhair

Uaireannta Oscailte: 10 r.n - 5 i.n. Luan - Sathairn. Dúnta Dé Domhnaigh chomh bheag iarratas a bheith déanta agat roimh-ré.

Áiseanna: Ionad Pháirceála. Díolacháin phlandaí. Leithris. Tá fáilte roimh cuairteoirí picnic a dhéanamh ins na gairdíní. Is féidir griangrafadóireacht bhainise agus seisiúnacha ghrianghrafadóireachta réiteach linn ach le iarratas a dhéanamh roimh-ré. Beidh táillí ag baint le seo.

Sólaistí: Ar fáil do grúpaí ach caithfear iarratas a dhéanamh roimh-ré.

Páistí: Tá fáilte roimh páistí ach caithfidh siad a bheith faoi aire an t-am uilig mar gheall ar an gcontúirt a bhaineann leis an taispeántas uisce agus an abhann. Níl na gairdíní feiliúnach do páistí beaga.

Madraí: Ceadaítear madraí ar rópa.

Le stair de ós cionn 25 bliain, d'fhás na Gairdíní Ghaise aníos ón a mhachaire feirme in a mbíodh na ba ag cogaint an chíor, in a dtearmann faoi leith don garraíodóir, ceann a chlúdaíonn anois achar de thart ar 4 acra.

Teach an gealaí

Uisce ague lile

Ranntar suas na gairdíní sár-caoimhnaithe seo idir 3 achair faoi leith: gairdín neamh-fhormálta gairbhéalach in a théann cosáin éagsúla le fánaí thríd taispeáintais plúchta le duillíní ildaite, plásóg maisithe le teorannacha luibheacha ildaite, agus lúbsiúlóid cois abhainn lán de nathanna dhúlracha. Is ea an ngné is súntasaí den ngáidín seo ná cillín cloiche den t-ainm Teach na nGealach. Téann mioneasal le luas thar an fhuinneog ciorcalach den teach isteach go dtí lochán bheag lilíoch. Leanann áirse laburnum thrí taispeántas raithnigh agus le cois cosán atá teorannta le feá síos go dtí cosán abhainn, in aice le Abhann an Fheoir. Tugann suíocháin agus suntasáin fadscaptha cuireadh don guairteoir chun sos a ghlacadh agus macnamh a dhéanamh agus na cumhranna, radharcanna agus fuaimeanna spreagúla den áit seo a tógáil isteach. Cuirtear an-béim ar duilleoga agus uigeacht. Líontar leapracha bhlátha le rogersia, gunnera, astilbe, ligularia, darmera, iris, crocosmia chomh maith le bláthanna mealltacha mar *Lilium martagon, Alstroemeria psittacina* agus *Cirsium rivulare* 'Atropurpureum'. Tugann an ngairdín áit cónaithe do réimse fad leathan de geiréiniamacha síorghlasa, curtha le chéile rósanna sean-fhaiseanta agus bailiúchán síor-fhásach de Polygonatum agus go leor phlandaí eile scáth-grách mar *Ypsilandra thibetica, Saruma henryi* agus *Triosteum pinnatifidum.* Teastaíonn ar a laghad uair a chloig chun sult ceart a bhaint as an ngairdín seo.

Gradaim: Bhuaigh Ghairdíni Ghaise gradaim i gcatagóirí Laighin agus Réigiún Lár Tíre sa Chomortas Garidíní Uile Éireann Shamrock i 1990, 1995 agus 1998 agus thug siad an chéad áit i gcatagóir Chontae Laoise sa Gradam Viking Irish Gardens i 2005 agus 2007.

Unusual plants: *Cornus controversa* 'Variegata', *Acer griseum, Davidia involucrata, Cercidiphyllum japonicum, Picea omorika* 'Pendula', *Syringa x josiflexa* 'Bellicent', Hydrangea aspera *subsp.* sargentiana.

Uimhreacha GPS: Lat: 52.9708 Long: -7.4867

TREORACHA

Lonnaithe go díreach ós cionn 1 km ón R445 (an iar N7) idir Bhaile Phort Laoise agus Ros Cré; i ngar do shráidbhaile Bhaile an Chaisleáin. Tá an ngairdín tuairim is 16 km i bhfad ó Phort Laoise. Ón M7 ag Port Laoise, glac bealach amach 18 agus coinnigh ort ar an R445 thríd Maigheann Rátha go dtí Baile an Chaisleáin. Cas ar chlé as an R445 chun a dhul isteach go dtí sráidbhaile Bhaile an Chaisleáin. Lean ar na comharthaí le haghaidh Gairdíní Ghaise agus Naíonra Uí Chianáin.

Gairdíní Heywood

Leithchéad acra de choillte, lochanna agus gairdíní fhormáltacha chomh maith le gairdíní sáite dearrtha ag Edward Luytens.

Bealach isteach don Ghairdín Ubhchruthach ón bhfaiche

Lilí sa Ghairdín Ubhchruthach

Úinéir: Oifig na nOibreacha Poiblí

Baile na Coille, Co. Laoise
heywood@opw.ie
www.opw.ie

Táillí Iontrála: Caithfear turais gairdíne a chur in áirithint roimh-ré.

Dátaí Oscailte: Ar feadh na bhliaina. Bealach isteach thríd an ngeata chasta ag an deireadh seachtaine amháin.

Uaireannta Oscailte: Uaireannta gealla.

Áiseanna: Ionad Pháirceála.

Páistí: Tá fáilte roimh páistí ach caithfidh siad a bheith faoi aire an t-am uilig.

Is é an phríomhtharraingt den gairdín seo ná Gairdíní Luytens dearrtha ag an tUasal Edward Luytens, i 1912. Teoranntar isteach lochán bheag le fuaráin toirtil ann le raon leathan de phlandaí éagsúla; peony, miniature Iris, Bergenia, Anemone, Hostas, Geiréiniamacha, Heuchera, and Saxifraga.

Turtar ar bhruach an fhuaráin

Fuinneog ar an mbuncabhsán

Radharc den Ghairdín Ubhchruthach

Tugann Nepeta, Aconitum, Delphinium, agus Chionodoxa snas goirm don rud ar fad. Tugann *Rosa 'Mevrouw Nathalie Nypels'* crut toim dhó agus tá sé fo-curtha le cloigíní gorma chun dath an Earraigh a n-iomprú air. Ón ngairdín ubhchruthach, sháite, téann staighre 'rúnda' isteach go dtí sraith de 'seomraí' atá deilghilte le tomanna Taxus baccata. I gceann acu siúd, tá sean speiceas rósanna agus iris ó na Garraithe Náisiúnta na Lus le feiceáil. I gceann eile, tá Astilbes, *Lilium 'Brunello',* Dianthus agus lupins le fáil ann.

Téann ascaill snaidhmaithe le teile (curtha thart ar an mbliain 1906) ó na gairdíní Luytens aníons go dtí an ardán uachtarach, in a bhfuil Alliums, ró fhiáin, Erinus alpinus, hardy cyclamen, agus Kniphofia. Go cóngarach le seo, cuireadh an phergóla le Hydrangeas, Wisteria, agus. Fuchsia. Uaidh seo, tig leat an tslabhra de trí locha a fheiceáil, rud a bhaineann leis an tsean-tírdreach rómánsúil, go bhfuil bealach isteach ann thar na céimeanna. Leanann cosán úr thríd na feáanna anuas go dtí an ród bunúsach. Ón ród seo, is féidir sult a bhaint as áileacht an Óráistelann atá leath-athchóirithe, an gCaisleáin Saorga agus an sean fhuinneog. Le fáil ann chomh maith ná an sean-choill darach agus feádh ársa, oibilisc, Suíochán Claude agus an teach folctha.

Madraí: Ní cheadaítear madraí ins na gairdíní fhormáltacha agus ceadaítear iad ar rópa amháin i ngach áit eile.

Plandaí Neamhghnáthacha: Feá duill-scoilte, *Lilium 'Brunello',* Rós sean-speicias

Uimhreacha GPS: 52.884259, -7.300179

TREORACHA

7 km taobh thoir-ó dheas de Mainistir Laoise ar an R432 go dtí Baile na Coille (tá na gairdíní lonnaithe ar thalamh Scoil Phobail Baile na Coille)

OPW
The Office of Public Works
Oifig na nOibreacha Poiblí

Gairdíní Chéadfacha ag Dove House

Gairdín suaimhneach, réidhchúiseach tógtha agus curtha ag úsáideoirí seirbhíse ag Dove House.

Dealbh

Clog Gréine

Cathair Ghríobháin

Gairdíní Chéadfacha ag Dove House

Úinéir: Siúracha Charranachta Íosa agus Mhuire agus an Fhondúireacht Muiriosa.

Dove House, An Phríomhshráid, Mainistir Laoise
+353 (0) 57-8731325
dovehouse@scjms.ie

Táillí Iontrála: Síntiús faoi d'thoil fhéin. Fáilte roimh grúpaí suas go dtí 15 duine.

Dátaí Oscailte: Luan - Aoine ar feadh na mbliana.

Uaireannta Oscailte: 10 r.n. - 4 i.n. Turais treortha le áirithint roimh-ré

Áiseanna: Rochtannach do chathaoir rotha. Comharthaíocht Bhraille do dhaoine le míchumas amharc. Díolacháin phlandaí - plandaí geimhridh agus samhraidh - chomh maith le órnáidí chonréite gharraíocha

Déanta as iar-chlochar Bhrídeach, tógadh agus cuireadh an láthair de mhéid 3 acra seo i 1996 ag daoine le mhíchumas intinne - iad uilig ag freastal ar Dove House. Luíonn a gcuid saothar ós comhair an gcúlra de crainn teile, a bhí tugtha don láthair sa mbliain 1840 ag Lady de Vesci. Is é an phríomhsprioc den gairdín seo ná chun a fhreastal gach aon ceann de na cúig céadfaí - Tadhall, Cluas, Boladh, Amharc agus Blas.

Tollán chrainn sleamhain sa Ghairdín Chéadfacha

Créachtach

Grianán tuí

Spreagann an ngarraí torthaí agus glasraí do chuid bhlaise agus spreagtar bholadh ag an ngairdín chumhra, atá curtha le geiréiniamacha cumhra, rósanna cumhra, philadelphus, oregan, balsam liomóid, agis féithleann agus Viburnum bodnantense. Tig le cuairteoirí a gabháil go fánach thríd an lúnbra chrann sleamhain faoin áirse phiorra, atá fo-curtha le spíonáin, i dtreo an nGairdín Dealbhóireachta. Ins an nGairdín Dealbhóireachta, tá lúibín coille sailigh chomh maith le mósáic a bhunaigh rannpháirtithe de chuid Dove House.

Is é ceann de na gnéithe is suntasaí den áit ná an gCloch Crónánach, in a bhfuil poll gearrtha in a chroí. Is féidir le duine de gach uile chineál cumas chloise a chluas a chur leis an gcloch agus cloisfidh sí nó sé macalla an té atá ag glaocht isteach ins an bpoll. Spreagann sileadh na n-uisce ins an lochán agus an fhuarán do chluasa chomh maith. Rinneadh tolláin chrainn sleamhain ar mhaithe le daoine le fadhbanna amharca chomh maith. Meallann solas súil an duine síos thríd an tolláin go dtí an fhuarán ag a dheireadh. Spreagtar do thadhall chomh maith leis an bhféir agus clochíní bheaga atá faoi chois chomh maith le na h-uigeachtaí éagsúla de na duilleoga agus na bláthíní.

Páistí: Tá fáilte roimh páistí ach caithfidh siad a bheith faoi aire an t-am uilig.

Madraí: Ní cheadaítear madraí

Gradaim: Ghnóthaigh an ngairdín seo gradam chomhshaola ón mBord Soláthar Aibhléise.

Plandaí Neamhghnáthacha: Trom bhoscach, acer negundo, flamingo rowan, agus Céadair gorma

Uimhreacha GPS: 52.915712, -7.347392

TREORACHA

Ó Bhaile Átha Cliath, gabh ar an M8 i dtreo Chorcaí. Fág an mhótorbhealach ag Port Laoise, ag glacadh an sean N8 go dtí Mainistir Laoise. I Mhainistir Laoise, gabh thar an sean Fhoirgneamh Oidhreachta ar do lámh a chlé, ag leanacht ar aghaidh thar drom chnoic, ag casadh ar chlé ag na geataí gorma roimh an trasrian coisithe.

Léirscáil Turas Ghairdíní Laoise

Laithreacha na gairdíní

Is é Contae Laoise ceann de na contae is lárnach in Éireann agus tá sé mar phairt bunúsach den reigúin Ireland's Ancient East. Tá Laois lonnaithe i measc na tírdreach is aoibhinn in Éireann, ait atá an stair go soléir sna iarsmaí ráthanna Ceilteach, fothraigh meánaoiseach agus foirgneamh mainstreach. Tá Laois laithreach uiar amhain ó bhruachbhailte Baile Átha Cliath, 45 nóiméad ó Chill Cheannaigh, 45 nóiméad ó Charraig Phádraig i gCaiseal, agus 30 noimead ó rasaíocht capall sa Currach. Tá an bhonneagair bóthair, iarnród agus bus i bPort Laoise thar barr.

KILDARE
TO DUBLIN
laois
so different, so near
River
Minor Road
Railway
Regional Primary Routes
National Secondary Routes
National Primary Routes
Motorway
Portarlington
Rosenallis
Mountmellick
Owenass River
Ballybrittas
Emo
EMO COURT & GARDENS
Fisherstown
Grand Canal
Ballydavis
Vicarstown
Ballyfin
PORTLAOISE
Stradbally
THE GARDEN AT BALLINTUBBERT
Timahoe
Ballyroan
Ballylynan
River Nore
Shagahoe
SENSORY GARDEN AT DOVE HOUSE
Abbeyleix
Wolfhill
Arles
Swan
Ballickmoyler
Ballacolla
HEYWOOD GARDENS
Ballinakill
Newtown
Killeshin
Carlow
CASTLE DURROW
DUNMORE COUNTRY SCHOOL
Durrow
Attanagh
TO KILKENNY
Cullahill
KILKENNY
CARLOW
N7
M7
N8
N80
R419
R422
R432
R433
R434
N78
N77

Acmhainne

Chun eolas a fháil faoi Turasóireacht agus áirithintí grúpa

Dominic Reddin, Oifigeach Turasóireachta, Comhairle Chontae Laoise, Áras an Chontae, Port Laoise, Contae Laoise
F: +353 (0) 57 866 4218 R: dreddin@laoiscoco.ie

Chun eolas a fháil faoin oidhreacht

Catherine Casey, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae Laoise, Áras an Chontae, Port Laoise, Contae Laoise
F: +353 (0) 57 866 4129 R: ccasey@laoiscoco.ie
www.laois.ie/heritage

Féach ar Líne ag: www.laoistourism.ie

Notaí buíochas

Ba mhaith le Comharile Chontae Laoise buíochas a ghabháil leis an gComhairle Oidhreachta as ucht an tacaíocht a thug siad don foilseachán seo.

Ba mhaith le Comharile Chontae Laoise buíochas a ghabháil le Dermot O' Neill.

Téacs agus tionsú le Kerrie O' Connor, Event Succees, Copyright 2011

Dearadh grafach le Connie Scanlon, Bogfire. www.bogfire.com.

Grianghraif le Kevin Byrne, faoi chóipcheart.

Grianghraif le Gairdíní Chluain Eochaille, Gairdíní Ghaise agus Chaisléain Dharú faoi chóipcheart.

Léirscáil Ghairdíní Laoise le Penhouse Design.

Ba mhaith le Comharile Chontae Laoise agus Turasóireacht Laoise buíochas a ghabháil le na h-úinéirí ghairdín as ucht a mbaint leis an dtreoirleabhar seo agus a gcúnamh leanúnach.

Gach ceart ar cosaint. Ní cheadaítear an foilseachán seo a mhacsamhail ach amháin le cead ó fhoilsitheoirí. Ní féidir leis na foilsitheoiri glacadh le freagracht de bharr earráidi nó easnamh. Clódh an eagrán seo i 2016.

"Is síol é grá garraíodóireachta - síol, nuair atá curtha, nach rachfaí in éag".

— Gertrude Jekyll

IRELAND'S ANCIENT EAST
Wonder Through Time

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

laois

LAOIS PARTNERSHIP COMPANY

NDP

OPW

The European Agricultural Fund for Rural Development: Europe investing in rural areas